# Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán

## Foirm Iarratais

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Foirm Iarratais

# Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán

**Tá cúig chuid san fhoirm seo. Léigh gach cuid go cúramach le do thoil agus comhlánaigh gach cuid a bhaineann leat. Sa chás nach mbaineann cuid ar leith leat, fág bán í agus bog ar aghaidh go dtí an chéad chuid eile. Ba cheart codanna glasa a chomhlánú i ngach cás, agus tá dathanna éagsúla ar chodanna eile chun an cháil ina bhfuil an t-iarratas á chomhlánú agat a léiriú.**

**Comhlánaigh an fhoirm seo i gceannlitreacha, le do thoil, ag baint úsáid as peann gorm nó dubh.**

## Maidir leis an bhfoirm seo agus maidir leis an Scéim

Baineann an fhoirm iarratais le Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán amháin. Cuireann an Scéim seo íocaíochtaí airgeadais agus tacaíochtaí sláinte ar fáil do dhaoine incháilithe, chun na cúinsí a raibh orthu iad a sheasamh le linn dóibh a bheith i bhForas Máithreacha agus Naíonán nó Teaghlach Contae ("Mother and Baby and County Home Institutions" as Béarla) a aithint.

Is féidir an fhoirm seo a chomhlánú agus í a sheoladh chuig Oifig na Scéime Íocaíochta le cur isteach ar an Scéim. Nó is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne ag www.gov.ie/paymentscheme.

Tá leabhrán faisnéise faoin Scéim ar fáil agus moltar do gach iarratasóir é a léamh. Tá eolas sa leabhrán a chuideoidh leat an fhoirm seo a chomhlánú, chomh maith le heolas maidir le tacaíochtaí atá ar fáil do dhuine ar bith a bhfuil iarratas á chomhlíonadh aige/aici. Is féidir leat glaoch ar Oifig na Scéime Íocaíochta freisin ar +353 1 522 9992 má tá aon cheist agat faoin bpróiseas iarratais. Ní gá dlíodóir a fhostú chun iarratas a dhéanamh ar an Scéim.

Mura bhfuil an leabhrán seo agat, féadfaidh tú é a fháil ar shuíomh gréasáin na Scéime Íocaíochta www.gov.ie/paymentscheme nó cuir glaoch ar Oifig na Scéime Íocaíochta ar +353 1 522 9992 agus seolfaimid chugat é ar ríomhphost nó sa phost.

## Cad is gá a bheith ar eolas agam sula ndéanfaidh mé iarratas?

Ba chóir duit ainm na hinstitiúide nó na n-institiúidí sceidealaithe inar chaith tú féin, nó an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann, am inti nó iontu a chur leis.

Is éard is institiúid sceidealaithe ann ná ceann de na hinstitiúidí atá liostaithe i **gCuid 2** den fhoirm seo. Mura bhfuil an institiúid ar chaith tú am inti ar an liosta seo, níl sí san áireamh sa Scéim Íocaíochta agus níl tú incháilithe don Scéim.

Chun bheith incháilithe do shochair faoin Scéim, ní mór gur tharla do theacht isteach san institiúid ar nó roimh 31 Nollaig na bliana deiridh, de réir mar a liostaítear i gCuid 2.

Má tá sé ar intinn agat iarratas a dhéanamh, agus mura bhfuil ainm na hinstitiúide sceidealaithe ar eolas agat don fhoirm seo, b'fhéidir go mbeidh tú in ann teacht air ach úsáid a bhaint as Seirbhísí Faisnéise Breithe agus Rianaithe. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.birthinfo.ie.

## Cad atá san áireamh sa Scéim?

Tá trí phríomhshochar faoin Scéim:

- **Íocaíocht ghinearálta** má bhí tú in aon cheann de na hinstitiúidí atá liostaithe i **gCuid 2** den fhoirm seo:
    - ar **feadh oíche amháin ar a laghad,** mar mháthair, ar chúiseanna a bhaineann le do thoircheas, nó le breith nó cúram do linbh, nó
    - ar feadh **180 lá ar a laghad**, mar leanbh.
- **Íocaíocht a bhaineann le hobair** má bhí tú i dTeach Leanaí Thuama, i Mainistir Sheáin Ros Mhic Thriúin nó in aon Teaghlach Contae ("County Home", as Béarla) ar feadh **90 lá ar a laghad**, ar chúiseanna a bhaineann le toircheas nó le breith nó cúram do linbh.
- **Tacaíochtaí sláinte** má chaith tú **180 lá ar a laghad** mar mháthair nó mar leanbh in aon institiúid atá liostaithe i gCuid 2, is é sin:

    a) **cárta leighis fheabhsaithe**, nó

    b) do dhaoine a chónaíonn lasmuigh d'Éirinn amháin, íocaíocht

tacaíochta sláinte dar luach €3,000, in ionad an chárta leighis feabhsaithe

Is féidir leat na sochair a bhfuil iarratas á dhéanamh agat orthu a roghnú i gCuid 3 thíos.

## Cá háit ar cheart dom m'fhoirm iarratais chomhlánaithe agus doiciméid tacaíochta eile a sheoladh?

Is féidir leat an fhoirm seo agus doiciméid tacaíochta a sheoladh ar ais chuig Oifig na Scéime Íocaíochta tríd an bpost. Seol an fhoirm chomhlánaithe agus aon doiciméid eile a iarrtar chuig:

**Oifig na Scéime Íocaíochta**
**Bosca Poist 13668**
**Port Láirge**
**Éire**

Má tá aon deacrachtaí agat do dhoiciméid tacaíochta a scanadh nó a fhótachóipeáil, cuir glaoch ar Oifig na Scéime Íocaíochta ar +353 1 522 9992 agus cabhróimid leat.

## Cad a tharlaíonn tar éis dom m'fhoirm iarratais a chur isteach?

Tar éis dúinn d'fhoirm iarratais a fháil, gheobhaidh tú admháil uainn i scríbhinn, mar aon le huimhir thagartha d'iarratais..

Tá tuilleadh eolais ar na céimeanna ar fad sa phróiseas iarratais le fáil sa Leabhrán Faisnéise.

## Conas a chaithfear le mo shonraí pearsanta?

Chun eolas a fháil ar an gcaoi a n-úsáidimid agus a stórálaimid do shonraí pearsanta, léigh an ráiteas príobháideachais le do thoil, atá ar fáil sa Leabhrán Faisnéise agus ar líne ag www.gov.ie/paymentscheme.

# Cuid 1 – Sonraí teagmhála an duine a bhfuil an fhoirm seo á comhlánú aige/aici

## 1.1 Cé atá ag comhlánú na foirme seo?

**Tá an fhoirm seo á comhlánú agam (cuir tic le ceann amháin):**

**Ar mo shon féin – chaith mé am in institiúid sceidealaithe** ☐

Tabhair do shonraí teagmhála i **gCuid 1.2.**

Má tá an t-iarratas seo á dhéanamh agat ar do shon féin agus Comhaontú Cúnaimh Cinnteoireachta nó Comhaontú Comhchinnteoireachta agat faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015, a chlúdaíonn socruithe faoin Scéim Íocaíochta seo, cuir do shonraí féin ar fáil, le do thoil, i **gCuid 1.2** agus sonraí an duine atá ag cabhrú leat i **gCuid 1.2.1**.

Maidir le Comhaontuithe Comhchinnteoireachta, ní mór don Chomhchinnteoir an fhoirm iarratais seo a shíniú i **gCuid 5b**.

**Mar dhuine tacaíochta, a bhfuil socrú foirmiúil i bhfeidhm aige/aici chun gníomhú thar ceann duine a d'fhéadfadh a bheith incháilithe don Scéim** ☐

Is iad na socruithe foirmiúla sin ná:

- Ionadaí Cinnteoireachta arna cheapadh ag an gcúirt faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.
- Coimircí Cúirte mar choiste an choimircí arna cheapadh ag an gcúirt.
- Cumhacht Mharthanach Aturnae faoin Acht um Chumhachtaí Aturnae, 1996
- Cumhacht Mharthanach Aturnae faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015
- Socrú dlíthiúil comhchosúil i Stát eile.

**Tabhair do shonraí teagmhála i gCuid 1.2.**

**Mar ionadaí pearsanta, thar ceann eastát duine éagtha a fuair bás ar an 13 Eanáir 2021 nó ina dhiaidh sin.** ☑

Tabhair do shonraí teagmhála i **gCuid 1.2**.

Más eol duit go raibh iarratas curtha isteach ag an duine éagtha roimh a b(h)ás, déan teagmháil, le do thoil, le hOifig na Scéime Íocaíochta maidir leis an iarratas seo. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifig na Scéime Íocaíochta ag +353 1 522 9992.

## 1.2 Sonraí Teagmhála

Beidh orainn teagmháil a dhéanamh leat i scríbhinn maidir leis an iarratas seo. Eiseofar gach comhfhreagras chugat go díreach tríd an bpost, mar sin déan cinnte go bhfuil do sheoladh poist iomlán san áireamh thíos.

**NÓTA:** De rogha air sin, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an Scéim Íocaíochta ar líne ag www.gov.ie/paymentscheme. Má dhéanann tú iarratas tríd an suíomh gréasáin seo, gheobhaidh tú comhfhreagras i scríbhinn ar an suíomh, seachas tríd an bpost.

**TABHAIR FAOI DEARA: Is éigeantach na réimsí atá marcáilte le ***

***Céadainm/Céadainmneacha**

***Sloinne**

***Líne 1 den seoladh**

***Líne 2 den seoladh**

**Líne 3 den seoladh**

**Líne 4 den seoladh**

***Cód poist/Éirchód**

***Tír**

**Seoladh Ríomhphoist**

**Uimhir theileafóin**

## 1.2.1 Sonraí teagmhála do Chúntóra Cinnteoireachta nó do Chomhchinnteora (más bainteach)

**Céadainm/Céadainmneacha**

**Sloinne**

**Líne 1 den seoladh**

**Líne 2 den seoladh**

**Líne 3 den seoladh**

**Líne 4 den seoladh**

**Cód poist/Éirchód**

**Tír**

**Seoladh Ríomhphoist**

**Uimhir theileafóin**

# Cuid 2 – Duine a chaith am in institiúid sceidealaithe

## 2.1 Le do thoil, tabhair do chuid sonraí nó sonraí an duine a chaith am in institiúid sceidealaithe.

**Líon isteach, le do thoil, an t-ainm/na hainmneacha a bhí agat, nó a bhí ag an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar a s(h)on, agus é/í san institiúid.**

***Céadainm/Céadainmneacha:** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

***Sloinne:** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Sloinne roimh Phósadh Iomlán na Máthar Breithe (más eol):** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Ainmneacha eile (más ann dóibh):** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐
**(Cuir isteach aon ainm/ainmneacha eile a d'fhéadfadh a bheith agat ag an am sin)**

***Dáta Breithe [LL/MM/BBBB] (de réir doiciméid aitheantais):** L L / M M / B B B B

**Dáta breithe [LL/MM/BBBB] más difriúil leis an méid thuas (más eol ó thaifid)** L L / M M / B B B B

## 2.2 Am a caitheadh san institiúid ábhartha

Leagtar amach sna táblaí thíos na hInstitiúidí sceidealaithe.

| Ainm na hInstitiúide | Ainm eile a thugtar ar an institiúid | Bliain deiridh |
|---|---|---|
| Carlow County Home | Sacred Heart Home, Co. Carlow | 1963 |
| Cavan County Home | St. Felim's County Home, Co. Cavan | 1962 |
| Clare (Ennis) County Home | St. Joseph's Hospital, Co. Clare | 1952 |
| Cork County Home | County Home section of St.Finbarr's Hospital, Co. Cork | 1960 |
| Cork (Midleton) County Home | Our Lady of Lourdes Home, Co. Cork | 1960 |
| Cork (Clonakilty) County Home | Mount Carmel Home, Co.Cork | 1965 |
| Cork (Fermoy) County Home | St. Patrick's Hospital Fermoy, Co. Cork | 1969 |
| Donegal (Stranorlar) County Home | St. Joseph's Stranorlar, Co. Donegal | 1964 |
| Galway (Loughrea) County Home | St. Brendan's Home, Loughrea | 1964 |

| Ainm na hInstitiúide | Ainm eile a thugtar ar an institiúid | Bliain deiridh |
|---|---|---|
| Kerry (Killarney) County Home | St. Columbanus House, Killarney | 1963 |
| Kildare (Athy) County Home | St. Vincent's Hospital, Athy | 1969 |
| Kilkenny (Thomastown) County Home | St. Columba's County Home | 1966 |
| Laois (Mountmellick) County Home | St. Vincent's Hospital | 1969 |
| Leitrim (Carrick on Shannon) County Home | St. Patrick's Home | 1951 |
| Limerick (Newcastlewest) County Home | St. Ita's Home | 1965 |
| Limerick (City) County Home | St. Camillus Hospital | 1970 |
| Longford County Home | St. Joseph's Hospital | 1952 |
| Mayo (Castlebar) County Home | Sacred Heart Home | 1938 |
| Meath (Trim) County Home | St. Joseph's Home, Trim | 1964 |
| Monaghan (Castleblaney) County Home | St. Mary's Hospital | 1966 |
| Offaly (Tullamore) County Home | St. Vincent's Hospital | 1956 |
| Roscommon County Home | Sacred Heart Home | 1957 |
| Sligo County Home | St. John's Hospital | 1973 |
| North Tipperary (Thurles) County Home | Hospital of the Assumption/ Our Lady's Community Hospital of the Assumption | 1955 |
| South Tipperary (Cashel) County Home | St. Patrick's Hospital | 1955 |
| Waterford (Dungarvan) County Home | St. Joseph's Hospital | 1970 |
| Westmeath (Mullingar) County Home | St. Mary's Hospital | 1955 |
| Wexford (Enniscorthy) County Home | St. John's Hospital | 1936 |
| Wicklow (Rathdrum) County Home | St. Colman's, Rathdrum | 1971 |
| The Tuam Children's Home | | 1961 |
| Sean Ross Abbey, Co. Tipperary | | 1969 |

| Ainm na hInstitiúide | Ainm eile a thugtar ar an institiúid | Bliain deiridh |
|---|---|---|
| St. Patrick's/Pelletstown, Navan Road (Eglinton House), Dublin | | 1998 |
| Bessborough Mother and Baby Home, Cork, Co. Cork | | 1998 |
| Manor House, Castlepollard, Co. Westmeath | | 1971 |
| Árd Mhuire, Dunboyne, Co. Meath | | 1991 |
| Bethany Home, Dublin | | 1971 |
| Denny House, Dublin | | 1994 |
| Miss Carr's Flatlets, Dublin | | 1998 |
| The Regina Coeli Hostel, Dublin | | 1998 |
| The Castle, Newtowncunningham, Co. Donegal | | 1998 |
| Naíolann Chontae an Chláir, Cill Rois, Co. An Chláir | | 1932 |
| Árasáin Belmont, Baile Átha Cliath | | 1998 |
| Naomh Gearóid, Baile Átha Cliath | | 1939 |
| St. Kevin's Institution (initially the Dublin Union), Dublin | | 1935 |

**Deimhním gur chaith mé féin, nó an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh agam thar a c(h)eann, am i gceann de na hinstitiúidí sceidealaithe atá liostaithe sa tábla thuas** ☐

**Ní féidir ach iarratas amháin a dhéanamh ar an Scéim. Cinntigh, le do thoil, go bhfuil gach tréimhse a caitheadh in institiúidí sceidealaithe, mar mháthair nó mar leanbh nó an dá cheann, san áireamh san fhoirm seo.**

Má chaith tú féin, nó an duine a bhfuil a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar a s(h)on, am in aon institiúid(í) sceidealaithe **mar mháthair, comhlánaigh cuid 2.2.1 le do thoil**

Má chaith tú féin, nó an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar a s(h)on, am in aon institiúid(í) sceidealaithe **mar leanbh, comhlánaigh cuid 2.2.2 le do thoil.**

Má chaith tú féin, nó an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar a s(h)on, am in aon institiúid(í) sceidealaithe **mar mháthair agus mar leanbh, comhlánaigh cuid 2.2.1 agus 2.2.2. le do thoil.**

## 2.2.1 Am a caitheadh mar mháthair in institiúid(í) sceidealaithe:

**Cuir isteach na dátaí go léir san fhormáid LL/MM/BBBB. Ná bí buartha más rud é nach bhfuil na dátaí cruinne ar eolas agat, is féidir leat meastachán a thabhairt. Is réimse éigeantach é ainm na hinstitiúide agus ní mór é a líonadh isteach.**

**An chéad tréimhse a caitheadh in institiúid sceidealaithe:**

***Ainm na hInstitiúide** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Dáta Teachta** L L / M M / B B B B

**Dáta Imeachta** L L / M M / B B B B

**An dara tréimhse a caitheadh in institiúid sceidealaithe (más bainteach):**

**Ainm na hInstitiúide:** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Dáta Teachta** L L / M M / B B B B

**Dáta Imeachta** L L / M M / B B B B

**An tríú tréimhse a caitheadh in institiúid sceidealaithe (más bainteach):**

**Ainm na hInstitiúide:** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Dáta Teachta** L L / M M / B B B B

**Dáta Imeachta** L L / M M / B B B B

**Aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh cabhrú le hOifig na Scéime Íocaíochta le cuardach taifead.**

## 2.2.2 Am a caitheadh mar leanbh in institiúid sceidealaithe

**Cuir isteach na dátaí go léir san fhormáid LL/MM/BBBB. Ná bí buartha más rud é nach bhfuil na dátaí cruinne ar eolas agat, is féidir leat meastachán a thabhairt. Is réimse éigeantach é ainm na hinstitiúide agus ní mór é a líonadh isteach.**

**An chéad tréimhse a caitheadh in institiúid sceidealaithe:**

***Ainm na hInstitiúide**

**Dáta Teachta más difriúil leis an dáta breithe.** LL / MM / BBBB

**Dáta Imeachta** LL / MM / BBBB

**An dara tréimhse a caitheadh in institiúid incháilithe (más bainteach):**

**Ainm na hInstitiúide**

**Dáta Teachta más difriúil leis an dáta breithe.** LL / MM / BBBB

**Dáta Imeachta** LL / MM / BBBB

**An tríú tréimhse a caitheadh in institiúid incháilithe (más bainteach):**

**Ainm na hInstitiúide**

**Dáta Teachta más difriúil leis an dáta breithe.** LL / MM / BBBB

**Dáta Imeachta** LL / MM / BBBB

**Aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh cabhrú le hOifig na Scéime Íocaíochta le cuardach taifead.**

# Cuid 3 – Sochair a bhfuiltear ag cur isteach orthu

**Ní mór duit na sochair a bhfuil tú ag cur isteach orthu a chur in iúl ar an bhfoirm seo.** Sula gcomhlánaíonn tú an chuid seo, féach, le do thoil, ar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach san fhoirm seo agus sa leabhrán faisnéise.

**3.1 An bhfuair an duine a chaith am in aon cheann de na hinstitiúidí sceidealaithe i gCuid 2 socrú cúirte riamh maidir leis na cúinsí a sheas sé/sí, agus a bhaineann leis an tréimhse chéanna san institiúid (nó sna hinstitiúidí) a bhfuiltear ag déanamh iarratais uirthi/orthu?**

**Cuir tic le ceann amháin le do thoil**

**Fuair** ☐ **Ní bhfuair** ☐

**Má tá tic curtha agat le 'fuair', tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbeidh tú i dteideal iarratas a dhéanamh ar íocaíocht ghinearálta ná ar íocaíocht a bhaineann le hobair faoin Scéim Íocaíochta seo ach go bhféadfaidh tú cur isteach ar an gcárta leighis feabhsaithe nó ar an íocaíocht tacaíochta sláinte (faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos).**

**3.2 Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:**

**3.2.1 Íocaíocht ghinearálta**

**Cuir tic le ceann amháin le do thoil**

**Ba mhaith** ☐ **Níor mhaith** ☐

**3.2.2 Íocaíocht a bhaineann le hobair**

**Cuir tic le ceann amháin le do thoil**

**Ba mhaith** ☐ **Níor mhaith** ☐

**3.2.3 Tacaíochtaí sláinte**

Níl aon duine a fuair tacaíochtaí sláinte roimhe seo faoin Scéim Magdalen Restorative Justice Ex Gratia incháilithe do chárta leighis feabhsaithe ná d'íocaíocht tacaíochta sláinte faoin Scéim seo.

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar thacaíocht sláinte, deimhnigh, le do thoil, nach bhfuil tacaíochtaí sláinte faighte ag an duine a chaith am in aon cheann de na hinstitiúidí sceidealaithe i gCuid 2 faoin Scéim Magdalen Restorative Justice Ex Gratia. ☐

**Tabhair faoi deara, le do thoil:**

- Chun cárta leighis feabhsaithe a fháil, beidh Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) ag teastáil uait. Ina theannta sin, chun leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil leis an gcárta leighis feabhsaithe, ní mór do dhuine incháilithe a bheith cláraithe le Liachleachtóir Ginearálta in Éirinn.

- Má tá iarratas á dhéanamh agat mar ionadaí pearsanta, níor cheart duit iarratas a dhéanamh ar an gcárta leighis feabhsaithe ná ar an íocaíocht tacaíochta sláinte toisc nach bhfuil na tacaíochtaí sláinte sin ar fáil i gcás iarratais a dhéantar ar son eastát duine éagtha.
- Má tá cárta leighis de réir tástála acmhainne i do sheilbh agat cheana féin, b'fhéidir go mbeadh sé fiúntach cur isteach ar an gcárta leighis feabhsaithe faoin Scéim Íocaíochta seo. Is é is cúis leis sin ná nach ndéantar tástáil acmhainne ar an gcárta leighis feabhsaithe, rud a fhágann go mbeidh sé go deo agat i ndiaidh duit é a fháil.

Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí sláinte:

**A. Cárta leighis feabhsaithe**

**Ba mhaith** ☐

Má chuir tú tic le "Ba mhaith", tabhair d'Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP) :

☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Is féidir do UPSP a sholáthar anois nó, más fearr é, níos déanaí nuair is gá.

**NÓ**

**B. Íocaíocht Tacaíochta Sláinte (ar fáil má tá cónaí ort lasmuigh d'Éirinn amháin)**

**Ba mhaith** ☐

Má chuir tú tic le "Ba mhaith", deimhnigh, le do thoil, nach bhfuil cónaí ort in Éirinn ☐

**Má tá an t-iarratas seo á dhéanamh agat ar do shon féin téigh chuig Cuid 4.1 anois**

**Má tá an t-iarratas seo á dhéanamh agat mar dhuine tacaíochta téigh chuig Cuid 4.2 anois**

**Má tá an t-iarratas seo á dhéanamh agat mar ionadaí pearsanta téigh chuig Cuid 4.3 anois**

# Cuid 4 – Seicliostaí agus doiciméid

## 4.1 Seicliosta sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh agam ar mo shon féin

Cuir na nithe seo a leanas ar fáil mar is cuí in éineacht leis an bhfoirm iarratais seo:

### 4.1.1 Comhartha aitheantais atá deimhnithe

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mór don chomhartha aitheantais a sholáthraíonn tú **a bheith deimhnithe**. Is éard is cóip dheimhnithe de dhoiciméad bunaidh ann ná fótachóip atá sínithe ag duine údaraithe. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le cé atá in ann do dhoiciméid aitheantais a dheimhniú, féach, le do thoil, ar an Leabhrán Faisnéise.

**Cén cineál aitheantais dheimhnithe bhailí atá tú a thabhairt?**

**Roghnaigh ceann amháin le do thoil:**

- Pas ☐
- Ceadúnas Tiomána ☐
- Cárta Seirbhísí Poiblí nó Cárta Slándála Náisiúnta ☐

**Cén cineál aitheantais dheimhnithe bhailí de chuid do Chomhchinnteora atá tú a thabhairt (más bainteach)?**

**Roghnaigh ceann amháin le do thoil:**

- Pas ☐
- Ceadúnas Tiomána ☐
- Cárta Seirbhísí Poiblí nó Cárta Slándála Náisiúnta ☐

### 4.1.2 Cruthúnas go bhfuil cónaí ort lasmuigh d'Éirinn má tá iarratas á dhéanamh agat ar an Íocaíocht Tacaíochta Sláinte

**Cén cruthúnas cónaithe atá agat? (TABHAIR FAOI DEARA: Ní mór go mbeadh dáta le sé mhí anuas ar an gCruthúnas). Roghnaigh ceann amháin le do thoil:**

- Ráiteas Morgáiste ☐
- Comhaontú tionóntachta/cíosa ☐
- Litir ón úinéir nó ó bhainisteoir tí altranais ☐
- Bille fóntais (gás/leictreachas/teileafón/leathanbhanda ina (h)ainm féin) ☐
- Eile ☐

## 4.1.3 Cóip den Comhaontú Cúnaimh Cinnteoireachta nó den Chomhaontú Comhchinnteoireachta

Tá Cúntóir Cinnidh i bhfeidhm agam agus cuirim faoi iamh cóip de mo Chomhaontú Cúnaimh Cinnteoireachta, a chlúdaíonn socruithe faoin Scéim Íocaíochta seo ☐

Tá Comhchinnteoir agam agus cuirim faoi iamh cóip de mo Chomhaontú Comhchinnteoireachta, a chlúdaíonn socruithe faoin Scéim Íocaíochta seo ☐

Neamhbhainteach - níl Cúntóir Cinnidh ná Comhchinnteoir agam ☐

## 4.1.4 Iarratas ar thosaíocht ar fhorais sláinte má tá tinneas foirceanta ort

Is féidir leat a iarraidh go dtabharfar tosaíocht do d'iarratas ar chúiseanna sláinte má tá tinneas foirceanta ort. Beidh litir ghearr ó do liachleachtóir ag teastáil ó Oifig na Scéime Íocaíochta chun tacú leis sin.

**Ba mhaith liom go ndéanfaí tosaíocht de m'iarratas ar fhorais sláinte toisc go bhfuil tinneas foirceanta orm agus tá litir ó mo liachleachtóir curtha leis an iarratas seo agam:** ☐

## 4.1.5 Sonraí Cuntais Bainc

Is féidir an fhaisnéis seo a tabhairt anois nó, más fearr, ag céim níos déanaí nuair is gá.

**Ainm shealbhóir an chuntais bainc**

**Ainm an Bhainc**

**Airgeadra an Chuntais Bainc**

**IBAN** **(má tá IBAN ag do chuntas bainc)**

**Uimhir Chuntais**
**(níl gá léi má thug tú IBAN)**

**Swift/Cód BIC/ Cód Sórtála**

**Uimhir Ródúcháin/ Cód Imréitigh**
**(má úsáidtear é i dtír an chuntais bainc, agus i gcás nach bhfuil IBAN ar fáil)**

**Murab é ainm an iarratasóra é ainm shealbhóir an chuntais, luaigh an caidreamh idir sealbhóir an chuntais agus an t-iarratasóir, le do thoil:**

**Lean ar aghaidh anois, le do thoil, chun Cuid 5a shíniú.**

# 4.2 Seicliosta sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh agam mar dhuine tacaíochta

## 4.2.1 Sonraí maidir leis an socrú atá i bhfeidhm agus doiciméid tacaíochta atá curtha ar fáil

Sonraigh, le do thoil, cén socrú tacaíochta foirmiúil a bhaineann leat agus cuir cóip de na doiciméid ábhartha maidir leis an socrú sin ar fáil.

| | |
|---|---|
| Tá iarratas á dhéanamh agam thar ceann iarratasóir mar **Ionadaí Cinnteoireachta** arna cheapadh ag an gcúirt faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015. | ☐ |
| Tá iarratas á dhéanamh agam thar ceann iarratasóir atá ina **Choimircí Cúirte** mar choiste an Choimircí Cúirte. | ☐ |
| Tá an t-iarratas á dhéanamh agam thar ceann iarratasóir mar aturnae arna cheapadh faoi **Chumhacht Mharthanach Aturnae** atá cláraithe faoin Acht um Chumhachtaí Aturnae, 1996 | ☐ |
| Tá iarratas á dhéanamh agam thar ceann iarratasóir mar aturnae arna cheapadh faoi Chumhacht Mharthanach Aturnae atá cláraithe agus fógartha faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 | ☐ |
| Tá iarratas á dhéanamh agam thar ceann iarratasóir, nach bhfuil cónaí air/uirthi in Éirinn, tar éis a bheith údaraithe déanamh amhlaidh faoi **shocrú dlíthiúil ó Stát eile**. | ☐ |

**Cad iad na doiciméid tacaíochta atá tú a thabhairt?**

| | |
|---|---|
| Cóip fhíordheimhnithe den Ordú um Ionadaíocht Chinnteoireachta | ☐ |
| Ordú Cúirte fíordheimhnithe | ☐ |
| Cóip fhíordheimhnithe den Chomhaontú um Chumhacht Mharthanach Aturnae (1996) | ☐ |
| Cóip fhíordheimhnithe den Chomhaontú um Chumhacht Mharthanach Aturnae (2015) | ☐ |
| Doiciméid eile chun socrú dlíthiúil ó Stát eile a fhíorú | ☐ |

## 4.2.2 Comhartha aitheantais atá deimhnithe (riachtanach duit féin agus don duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat ar a s(h)on)

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mór don chomhartha aitheantais a thugann tú a bheith deimhnithe. Is éard is cóip dheimhnithe de dhoiciméad bunaidh ann ná fótachóip atá sínithe ag duine údaraithe. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le cé atá in ann do dhoiciméid aitheantais a dheimhniú, féach, le do thoil, ar an Leabhrán Faisnéise.

**Cén cineál aitheantais dheimhnithe bhailí atá tú a thabhairt (duine tacaíochta)?**

**Roghnaigh ceann amháin le do thoil:**

Pas ☐

Ceadúnas Tiomána ☐

Cárta Seirbhísí Poiblí nó Cárta Slándála Náisiúnta ☐

**Cén cineál aitheantais dheimhnithe bhailí atá tú a tabhairt don duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat ar a s(h)on?**

**Roghnaigh ceann amháin le do thoil:**

Pas ☐

Ceadúnas Tiomána ☐

Cárta Seirbhísí Poiblí nó Cárta Slándála Náisiúnta ☐

## 4.2.3 Cruthúnas go bhfuil an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann agat ina c(h)ónaí lasmuigh d'Éirinn má tá tú ag cur isteach ar an Íocaíocht Tacaíochta Sláinte ar a s(h)on

**Cén cruthúnas cónaithe atá agat? (TABHAIR FAOI DEARA: Ní mór go mbeadh dáta le sé mhí anuas ar an gCruthúnas). Roghnaigh ceann amháin le do thoil:**

Ráiteas Morgáiste ☐

Comhaontú tionóntachta/cíosa ☐

Litir ón úinéir nó ó bhainisteoir tí altranais ☐

Bille fóntais (gás/leictreachas/teileafón/leathanbhanda ina (h)ainm féin) ☐

Eile ☐

## 4.2.4 Iarratas ar thosaíocht ar fhorais sláinte má tá tinneas foirceanta ar an iarratasóir

Má tá tinneas foirceanta ar an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar a s(h)on, féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí tosaíocht den iarratas seo ar fhorais sláinte. Teastóidh litir ghearr ó liachleachtóir an iarratasóra ó Oifig na Scéime Íocaíochta chun tacú leis sin.

Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh ar thosaíocht ar fhorais sláinte de bharr tinneas foirceanta agus tá litir ó liachleachtóir an duine faoi iamh leis an iarratas seo: ☐

## 4.2.5 Sonraí Cuntais Bainc

Is féidir an t-eolas seo a thabhairt anois nó más fearr, níos déanaí nuair is gá.

**Ainm shealbhóir an chuntais bainc:**

**Ainm an Bhainc**

**Airgeadra an Chuntais Bainc**

**IBAN** **(má tá IBAN ag do chuntas bainc))**

**Uimhir Chuntais**
**(níl gá léi má thug tú IBAN)**

**Swift/Cód BIC/ Cód Sórtála:**

**Uimhir Ródúcháin/ Cód Imréitigh**
**(má úsáidtear é/í i dtír an chuntais bainc, agus i gcás nach bhfuil IBAN ar fáil)**

**Murab é ainm an iarratasóra é ainm shealbhóir an chuntais, luaigh an caidreamh idir sealbhóir an chuntais agus an t-iarratasóir, le do thoil**

**Lean ar aghaidh anois, le do thoil, chun Cuid 5b a shíniú.**

# 4.3 Seicliosta sa chás go bhfuilim i m'ionadaí pearsanta

## 4.3.1 Tabhair dáta báis an duine éagtha

**[LL/MM/BBBB]:** L L / M M / B B B B

## 4.3.2 Deonú Ionadaíochta

Chun an t-iarratas seo a phróiseáil, teastaíonn cruthúnas uainn go bhfuil an ceart dlíthiúil agat gníomhú ar son eastát an duine éagtha. Ní dhéileálfaidh Oifig na Scéime Íocaíochta ach le hionadaí pearsanta amháin le haghaidh iarratais.

**An tusa an t-aon ionadaí pearsanta ar son eastát an duine éagtha?** **Is mé** ☐ **Ní mé** ☐

Mura tusa atá ann, cuir litir atá sínithe ag na hionadaithe pearsanta go léir ina n-ainmníonn siad thú féin mar ionadaí pearsanta don iarratas seo agus ina n-aontaíonn siad go ndéileálfaidh Oifig na Scéime Íocaíochta leat amháin maidir leis an iarratas. Mura féidir an litir seo a sholáthar, leanfar le hiarratas, agus déileálfaidh Oifig na Scéime Íocaíochta leis an gcéad ionadaí pearsanta a thagann chun tosaigh.

**Cén cruthúnas atá á sheoladh agat leis an iarratas seo?**

Le faisnéis a fháil faoi cé atá údaraithe do dhoiciméid a dheimhniú, léigh an Leabhrán Faisnéise, le do thoil

Cóip dheimhnithe den Deimhniú Báis (riachtanach) ☐

Ina theannta sin, roghnaigh an cruthúnas breise atá á thabhairt agat
(ní mór duit ceann de na roghanna a roghnú):

a. Deonú Probháide (cóip dheimhnithe) ☐

b. Litir Riaracháin (cóip dheimhnithe) ☐

c. Cóip dheimhnithe den uacht, agus mionnscríbhinn a mhionnaíonn go bhfuil mé i dteideal gníomhú mar ionadaí pearsanta, toisc go bhfuil uacht ann, ach gan aon Deonú Probháide ☐

d. Mionnscríbhinn a mhionnaíonn go bhfuil mé i dteideal gníomhú mar ionadaí pearsanta, toisc nach bhfuil aon uacht, Litir Riaracháin ná Deonú Probháide ann. ☐

e. Fianaise ar shocrú dlíthiúil i dtír eile. ☐

Tabhair faoi deara, le do thoil, má éiríonn leis an iarratas, go mbeidh Deonú Probháide nó Litir Riaracháin **de dhíth** sular féidir aon dámhachtain a dhéanamh ar an gcuntas bainc ainmnithe a chuirtear ar fáil.

## 4.3.3 Comhartha aitheantais atá deimhnithe

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mór don chomhartha aitheantais a thugann tú a bheith deimhnithe. Is éard is cóip dheimhnithe de dhoiciméad bunaidh ann ná fótachóip atá sínithe ag duine údaraithe. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le cé atá in ann do dhoiciméid aitheantais a dheimhniú, féach, le do thoil, ar an Leabhrán Faisnéise.

**Cén cineál aitheantais dheimhnithe bhailí atá á sheoladh agat leis an iarratas seo?**

**Roghnaigh ceann amháin le do thoil:**

Do Phas ☐

Do Cheadúnas Tiomána ☐

Do Chárta Seirbhísí Poiblí nó Cárta Slándála Náisiúnta ☐

## 4.3.4 Sonraí Cuntais Bainc

Is féidir an t-eolas seo a sholáthar anois nó más fearr, ag céim níos déanaí nuair is gá.

**Ainm Shealbhóir an Chuntais Bainc:** ☐

**Ainm an Bhainc** ☐

**Airgeadra an Chuntais Bainc** ☐

**IBAN** **(má tá IBAN ag do cuntas bainc))** ☐

**Uimhir Chuntais** ☐
**(níl gá léi má thug tú IBAN)**

**Swift/Cód BIC/ Cód Sórtála:** ☐

**Uimhir Ródúcháin/ Cód Imréitigh** ☐
**(má úsáidtear é i dtír an chuntais bainc, agus i gcás nach bhfuil IBAN ar fáil)**

**Deimhním gurb é seo cuntas bainc ionadaí phearsanta nó ionadaí dhlíthiúil a bhfuil údarás aige/aici an t-airgead seo a fháil:** ☐

**Lean ar aghaidh anois, le do thoil, chun Cuid 5c a shíniú.**

# Cuid 5 – Dearbhú agus Síniú

**LÉIGH AN CHUID SEO GO CÚRAMACH, LE DO THOIL, SULA SÍNÍONN TÚ AN FHOIRM SEO**

- Agus an fhoirm seo á síniú agam, dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid tacaíochta go léir a thug mé fíor agus cruinn, chomh fada agus is eol dom.
- Admhaím nach féidir liom ach iarratas amháin a dhéanamh ar an Scéim maidir leis an am a caitheadh sna hinstitiúidí sceidealaithe atá liostaithe thuas.
- Toilím fógra i scríbhinn a thabhairt don Phríomh-Oifigeach Breithiúnachta má thagann aon athrú ar mo chúinsí nó ar chúinsí an duine a bhfuil an t-iarratas seo á dhéanamh agam thar a c(h)eann, má tá tionchar acu sin ar an iarratas seo.

**Dá mbeifeá sásta páirt a ghlacadh i suirbhé sástachta maidir le do thaithí ar an Scéim Íocaíochta cuir tic sa bhosca seo le do thoil** ☐

## 5a – Tá an t-iarratas seo á dhéanamh agam ar mo shon féin

**SÍNIÚ AN IARRATASÓRA**

Síniú

Dáta

L L / M M / B B B B

**SÍNIÚ AN CHOMHCHINNTEORA, sa chás go bhfuil Comhaontú Comhchinnteoireachta i bhfeidhm ag an iarratasóir, a chlúdaíonn socruithe faoin Scéim Íocaíochta seo**

L L / M M / B B B B

## 5b – Tá an t-iarratas seo á dhéanamh agam mar dhuine tacaíochta

**SÍNIÚ AN DUINE TACAÍOCHTA**

Síniú

Dáta

L L / M M / B B B B

## 5c – Tá an t-iarratas seo á dhéanamh agam mar ionadaí pearsanta

**SÍNIÚ AN IONADAÍ PEARSANTA**

Síniú

Dáta

L L / M M / B B B B

**Go raibh maith agat as an bhfoirm iarratais seo a chomhlánú. Beimid i dteagmháil leat go luath.**

**Rialtas na hÉireann**
Government of Ireland